## Political Parties in the Northern Ireland Assembly - Sinn Féin (Irish Language Version)

## Key:

MOM: Máirtín Ó Muilleoir

MOM: Is ball mé de Shinn Féin anseo ins an Tionól i dTuaisceart Éireann.

*Cad dó a sheasann Sinn Féin?*

Bhuel is dóigh liom go seasann muid d'athaontú na hÉireann, athaontú na tíre. Fosta, seasann muid do chothromas do chách, go mbeadh gach duine ar an leibhéal cheanna. Ach fosta tá muid i gcónaí ag seasamh leis an chosmhuintir, tá muid in aghaidh bochtaineachta agus fosta lena chois ins an taobh seo tíre, tá muid ar son an phróisis síochána agus ag iarraidh an tsíocháin a bhuanú agus a dhéanamh níos láidre.

*Conas mar atá do pháirtí athraithe le fiche bliain anuas?*

Bhuel, tá muid níos mó, tá muid níos bríomhaire dar liom. Tá níos mó ban ins an pháirtí ná a bhíodh, níos mó daoine óga agus fosta tá muid chun tosaigh. Ní bhíonn caint ar pholaitíocht ins an tír seo thuaidh nó theas nach mbíonn Sinn Féin lárnach ins an chomhrá sin. Mar sin de, tá muid i lár an aonaigh, tá muid ins an rialtas ó thuaidh, ba mhaith linn a bheith ins an rialtas agus ar thús cadhnaíochta ó dheas. Mar sin de sílim go bhfuil muid níos tábhachtaí mar pháirtí polaitiúil inniu ná a bhí muid fiche bliain ó shin i naoi déag nócha cúig.

*An bhfuil an Tionól agus an Feidhmeannas éifeachtach?*

Bhuel, d'fhéadfadh sé a bheith níb éifeachtaí, dar liom, gur dóigh leis an phobal gur mhaith leo go mbeadh an Tionól níos éifeachtaí, go mbeadh an feidhmeannas ag déanamh níos mó, go mbeadh pleananna á gcur i gcrích níos gaiste. Ach mar sin féin tá athrach ins an chathair seo, ins an stát seo agus tháinig codanna den athrú sin ón tionól agus ón fheidhmeannas. Mar sin de, mar a deir siad, go leor déanta ach go leor fós le déanamh.

*Cad iad na dúshláin roimh do pháirtí?*

Agus ag dul siar chuig na prióireachtaí go gcaithfidh muid bealach a aimsiú le hAontachtaithe a thabhairt linn maidir le hathaontú na tíre de mar sin an comhréiteach stairiúil a rinneadh i gComhaontú Aoine an Chéasta go mbeadh an tír aontaithe arís dá mba mhaith le bunús nó móramh an phobail in sna Sé chontae sin. Leis sin a dhéanamh mar sin, caithfidh muid an argóint a chur os comhair ár gcomharsanaigh ón phobal aontachtach agus tá muid á dhéanamh sin. Fosta ar ndóighe tá fadhb mhór againn leis an déine atá ag teacht as Londain, sin na ciorraithe agus na gearrtha siar agus caithfidh muid bealach a fháil le bheith ag cur in éadan na déine ach in san am chéanna a bheith ag soláthar seirbhísí don phobal.

*Cáin Chorparáide*

Bhuel ar ndóighe bhí muid i measc na bpáirtithe uilig roimh an Nollaig ag Comhaontú Teach Stormont a ghlac leis go mbeadh cáin nó cumhachtaí de cháin chorparáideach againne anseo in sna Sé Chontae. Tharla sin agus an rud atá le déanamh anois le bheith cinnte gur féidir linn cáin chorparáideach a ísliú gan brú níos mó a chur ar an chosmhuintir agus ar na seirbhísí atá á soláthar againn don phobal mar sin de tá muid in san tréimhse anois ina bhfuil muid ag amharc ar na cumhachtaí seo agus ba mhaith linn an cháin chorparáideach a ísliú a fhad is nach gcuireann sin tuilleadh péine agus tuilleadh déine agus tuilleadh brú ar an lucht oibre.

*Vótáil ag aois 16*

Bhuel tá muid ar a shon agus chonaic tú in Albain an fuinneamh iontach a bhí ins an reifreann as siocair go raibh an vóta ag an aos óg agus sílim anseo go dtarlóidh an rud céanna. Tá suim mhór ag an aos óg ins an pholaitíocht agus caithfidh muid cead a gcinn a thabhairt dóbhtha agus an vóta a thabhairt don aos óg ó sé déag ar aghaidh.

*Roghnú Acadúil*

Bhuel tá muid ina éadan agus dár linn go gcruthaíonn na scoileanna cuimsitheacha gur fearr oideachas a bheith ar achan duine ar bhonn cothrom. Go mbeadh ár gcuid paistí uilig le chéile ins na scoileanna ag aois a haon déag agus ag aois a ceathair déag agus de réir sin. Agus nach mbeadh muid ag scaradh na bpáistí mar is é an rud a tharlaíonn go bunúsach go scarann muid an mheánaicme ón lucht oibre agus tá a fhios againn nuair a tharlaíonn sin go dteipeann ar an lucht oibre nach n-éiríonn le hoiread acu a gcumas acadúil a thabhairt chun cinn.

*Táillí teagaisc*

Bhuel tá muid ina n-éadan fosta ins an méid is go bhfuil ní amháin na táillí teagaisc ollscoile ins an Bhreatain suas go dtí naoi míle ach an tseachtain seo inné d'fhógair an seansailéir ansin go mbeadh sé ag baint ar shiúl an deontas a fhaigheann an mhuintir sin atá beo bocht agus dár linne tá muid ar son cuidiú a bheith ag daoine nach bhfuil mórán airgid acu agus fosta ba mhaith linn na táillí a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ag an phointe seo tá sin déanta againn agus cuirfidh muid go láidir in aghaidh aon iarracht leis na táillí a chur suas ar chor ar bith. Ach is cinnte go mbeidh muid dubh in éadan aon iarracht leis an chóras chéanna atá i Sasana a thabhairt anseo. Sin naoi míle sa bhliain a bheith gearrtha ar mhic léinn.